

An Scéim Páirteachais Pobail

Ní chludaíonn an Scéim seo ach na moltaí is costéifeachtaí a sheoltar chugainn (faoi réir an mhaoiniú a bheith ar fáil chucu)

- Cad is brí leis an Scéim Páirteachais Pobail?
- Conas a dheintear iarratas?
- Cé mhéad a thugtar don iarratasóir?
- Conas a dheineann an Chomhairle cinneadh faoi na hiarratais?
- Oibreacha atá oiriúnach don scéim

Cad is brí leis an Scéim Páirteachais Pobail?

Spreagann an scéim seo cur chuige i gcomhar (ar bhonn deonach) le grúpaí áitritheoirí áitiúla agus úinéirí talún chun athchóiriú a dhéanamh ar bóithre áitiúla ar bheagán tráchta, bóithre aon lána nó bóithre caoch. Seachas bóithre caoch d'fhéadfadh bóthar a bheith mar cheangal idir dhá príomhbhóthar áitiúla nó dhá bhóthar tánaisteacha áitiúla. Cé go mbaineann an Scéim Páirteachais Pobail go príomha le bóithre áitiúla, féadfar bóthar réigiúnach a chur san áireamh freisin más cabhair airgeadais amháin a bheidh ag teacht ón bpobal áitiúil.

Conas a dheintear iarratas?

Líon an fhoirm iarratais atá ceangailte anso agus seol chuig an Roinn Bóithre, Iompar agus Mara, Comhairle Contae Chiarraí, Seomra 115, Áras an Chontae, Rath Teas, Trá Lí, Contae Chiarraí.

Cé mhéad a thugtar don iarratasóir?

Bunófar an Scéim Páirteachais Pobail ar ranníocaíochtaí pobail sa réimse 10% go 20% de réir an tábla seo a leanas:-

Rátaí ranníocaíochtaí áitiúla don Scéim Páirteachais Pobail	
Íosráta ranníocaíochta áitiúla	Má bhaineann le hábhar
10%	Más cabhair airgeadais amháin a bheidh ag teacht ón bpobal áitiúil – ní bheidh aon bhaint ag an bpobal áitiúil leis an obair fhéin
20%	Más obair amháin a bheidh ag teacht ón bpobal is gan aon chabhair airgeadais uathu

Conas a dheineann an Chomhairle cinneadh faoi na hiarratais?

Oibreacha atá oiriúnach don scéim:

Oibreacha ginearálta:

- Seastán cruaidh a sholáthar ag geata páirce
- Imeall nó bruach féir a bhaint
- Oibreacha chun suíomh a ullmhú mar shampla féar a bhaint de lár an bhóthair (nuair is gá)

Draenáil:

- Draenacha a oscailt, a dhoimhniú agus a chothabháil go ginearálta ar thaobh an bhóthair agus in aice le tailte, san áireamh beidh píopaí draenála a leagan, nuair is cuí
- Bac lintéir a sholáthar ar láthair oiriúnach agus píopaí a chur le draenacha, nuair is cuí
- Oscailt inraonta
- Oscailt silteán
- Scaoileadh cúsilteán/draenacha uisce ar bharr talún

Oibreacha pábhála:

- Poill bhóithre a dheisiú
- Oibreacha Tarrála
- Oibreacha chun bóthar a neartú

Oibreacha cosáin:

- Cosáin a dheisiú
- Cosáin nua a thógaint

Beidh an tInnealtóir Ceantair/Ceantair Bhardasaí i dteagmháil le hIonadaí na nIarratasóirí maidir leis an obair a gceapann sé/sí a bheith oiriúnach do na sealbhóirí a dhéanamh nó a éascú.